2025/1560

31.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1560 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2025

lena n-údaraítear maíomh sláinte a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do laghdú riosca galair agus maidir le forbairt agus sláinte na leanaí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 432/2012

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 i dtaca le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, déantar foráil go bhfuil toirmeasc ar mhaímh shláinte a dhéantar i leith bianna ach amháin má tá siad údaraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán sin agus curtha ar an liosta de mhaímh shláinte cheadaithe.

(2) De bhun Airteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, leagadh síos le Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 ([2]) ón gCoimisiún liosta de mhaímh shláinte cheadaithe a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do laghdú riosca galair agus maidir le forbairt agus sláinte na leanaí.

(3) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 freisin go bhféadfaidh oibreoirí gnólachtaí bia iarratais ar údaruithe i leith maímh shláinte a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta de chuid Ballstáit. Ní mór don údarás inniúil náisiúnta iarratais bhailí a chur ar aghaidh chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') le haghaidh measúnú eolaíoch, agus chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit chomh maith, ar mhaithe le faisnéis.

(4) Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le maímh shláinte a údarú agus an tuairim ón Údarás, aon fhoráil ábhartha de dhlí an Aontais agus tosca dlisteanacha eile a bhaineann leis an ábhar atá faoi chaibidil á gcur san áireamh aige.

(5) Chun nuálaíocht a spreagadh, déanfar cineál údaraithe brostaithe ar mhaímh shláinte atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nuafhorbartha agus/nó a bhfuil iarraidh ar chosaint sonraí dílseánaigh ina cuid de.

(6) Tar éis iarratas a fháil ó Zespri International Limited ('an t-iarratasóir'), iarratas a cuireadh isteach de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, bhí de cheangal ar an Údarás tuairim a thabhairt faoin mbunús eolaíoch atá le maíomh sláinte maidir leis an gcíobhaí glas (*Actinidia deliciosa* 'Hayward') agus dífhaecú normálta a choimeád ar siúl (Ceist Uimh. EFSA- Q-2020-000562).

(7) Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir ar dtús: 'Trí chíobhaí glas a thomhailt go tráthrialta, cuirtear le compord gastraistéigeach' nó 'trí chíobhaí glas a thomhailt go tráthrialta, laghdaítear pian ghastraistéigeach'. Agus an gaol sláinte a moladh á chur san áireamh ag an Údarás, agus i gcomhaontú leis an iarratasóir, d'athraigh an tÚdarás foclaíocht an mhaímh arna mheasúnú chuig an bhfoclaíocht seo a leanas: 'Trí chíobhaí glas a thomhailt go tráthrialta, coimeádtar dífhaecú normálta ar siúl'.

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1924/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2012 lena leagtar síos liosta de mhaímh shláinte cheadaithe a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do laghdú riosca galair agus maidir le forbairt agus sláinte na leanaí (IO L 136, 25.5.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/432/oj).

(8) An 11 Meitheamh 2021, d'fhoilsigh an tÚdarás tuairim eolaíoch uaidh maidir leis an maíomh sin ([3]), inar thángthas ar an gconclúid ar bhonn na sonraí a cuireadh faoina bhráid, go raibh gaol cúise agus éifeachta suite idir tomhailt an chíobhaí ghlais (*Actinidia deliciosa* 'Hayward') agus dífhaecú normálta a choimeád ar siúl. Is é an pobal i gcoitinne an spriocphobal. Dá réir sin, maíomh sláinte ina léirítear an chonclúid sin, ba cheart a mheas go gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus ba cheart é a chur le liosta an Aontais de mhaímh shláinte cheadaithe, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 432/2012.

(9) Tar éis don Choimisiún iarraidh a fháil ón iarratasóir maidir le foclaíocht atá níos soiléire do thomhaltóirí, dheimhnigh an tÚdarás go raibh an fhoclaíocht 'Trí chíobhaí glas a thomhailt, cuirtear le gnáthfheidhmíocht na bputóg trí mhinicíocht faecais a mhéadú' ag teacht leis an bhfianaise eolaíoch.

(10) Thug an Painéal dá aire sa tuairim eolaíoch uaidh nárbh fhéidir teacht ar aon chonclúid a thabharfadh bunús eolaíoch leis an maíomh ar bhonn na staidéar a rinneadh le bianna seachas cíobhaíonna glasa úra.

(11) Is éard a fhoráiltear le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 nach mór na coinníollacha riachtanacha uile (lena n-áirítear srianta) maidir lena n-úsáid a bheith ag gabháil le maímh shláinte cheadaithe. Dá réir sin, ba cheart foclaíocht na maíomh maille lena gcoinníollacha úsáide sonracha, agus i gcás inarb infheidhme, coinníollacha nó srianta úsáide agus/nó ráiteas nó rabhadh breise, a chuimsiú sa liosta de mhaímh shláinte cheadaithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus i gcomhréir le tuairimí an Údaráis.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, ba cheart Clár na maíomh maidir le cothú agus sláinte ina bhfuil gach maíomh sláinte údaraithe a thabhairt cothrom le dáta.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 a leasú dá réir.

(14) Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear an maíomh sláinte a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo le liosta an Aontais de mhaímh shláinte cheadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006.

Airteagal 2

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(6):6641.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 432/2012, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord aibítre:

Cothaitheach, substaint, bia nó catagóir bhia	Maíomh	Coinníollacha úsáide an mhaímh	Coinníollacha agus/nó srianta ar úsáid an bhia agus/nó ráiteas breise nó rabhadh breise	Uimhir Iris EFSA	Uimhir ábhartha iontrála sa Liosta Comhdhlúite a cuireadh faoi bhráid EFSA lena mheasúnú
'An cíobhaí glas (*Actinidia deliciosa* 'Hayward')	Trí chíobhaí glas a thomhailt, cuirtear le gnáthfheidhmíocht na bputóg trí mhinicíocht faecais a mhéadú	Ní fhéadfar an maíomh seo a dhéanamh ach i leith: (i) cíobhaíonna glasa úra a dhíoltar mar sin, nó (ii) cíobhaíonna glasa úra atá scafa agus/nó gearrtha, gan aon rud eile a dhéanamh orthu, ina bhfuil íosmhéid 200g de bhia an chíobhaí. Ní mór an tomhaltóir a chur ar an eolas go bhfaightear an éifeacht thairbhiúil le tomhailt laethúil 200g de bhia úr an chíobhaí ghlais.		2021;19(6):6641'	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1560/oj